

OACPS-EU SAMOA AGREEMENT

**EAGRAÍOCHT NA STÁT SAN AFRAIC,
I MUIR CHAIRIB AGUS SAN AIGÉAN
CIÚIN**

**COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**ACP-UE 11261/25
ADD 1**

**ACP 64
COAFR 188
COLAC 100
COASI 79
RELEX 935**

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Dréacht CINNEADH Ó CHOMHAIRLE AIRÍ ESACC-AE a mhéid a bhaineann le Treoirínte Comhpháirteacha a ghlacadh maidir le hidirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. .../2025
Ó CHOMHAIRLE AIRÍ ESACC-AE

an ...

**a mhéid a bhaineann le Treoirlínte Comhpháirteacha a ghlacadh maidir le hidirphlé
comhpháirtíochta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó**

TÁ COMHAIRLE AIRÍ ESACC-AE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de
pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den
pháirt eile¹ ('Comhaontú Shamó'), agus go háirithe Airteagal 3 agus Airteagal 88(4), pointe (c), de,

¹ IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá Comhaontú Shamó á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2024 i leith.
- (2) De bhun Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó, tá na Páirtithe le dul i mbun idirphlé comhpháirtíochta atá rialta, cothrom, uileghabhálach agus substainteach maidir le réimsí uile an Chomhaontaithe sin, as a dtiocfaidh gealltanais agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí ar an dá thaobh, chun é a chur chun feidhme go héifeachtach.
- (3) De bhun Airteagal 88(4), pointe (c), de Chomhaontú Shamó, tá Comhairle Airí ESACC-AE le treoirlínte beartais a ghlacadh agus le cinntí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha a bhfuil gá leo chun forálacha an Chomhaontaithe sin a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar leis seo na Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le hidirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile ('Comhaontú Shamó'), mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa/in ..., ...

Thar ceann Chomhairle Airí ESACC-

AE

An Cathaoirleach

IARSCRÍBHINN

Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le hidirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh
dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó

I. RÉAMHRÁ

1. An Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile² ('Comhaontú Shamó', dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), síníodh é i Samó an 15 Samhain 2023, agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2024 i leith. Le hAirteagal 3(1) den Chomhaontú, iarrtar ar na Páirtithe dul i mbun idirphlé comhpháirtíochta atá rialta, cothrom, cuimsitheach agus substainteach maidir le gach réimse den Chomhaontú, lena n-áirítear saincheisteannta sonracha a leagtar amach in Airteagal 9(3), Airteagal 12(4) agus 12(6), Airteagal 18(3), Airteagal 62, agus Airteagal 74(5) de Chuid II den Chomhaontú, chomh maith le hAirteagal 78(5) de Phrótacal Réigiúnach na hAfraice agus Airteagal 2(2) de Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin den Chomhaontú, as a dtiocfaidh gealltanais, i gcás inarb iomchuí, agus gníomhaíochtaí, i gcás inar gá, ar an dá thaobh maidir le chur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe.
2. Mar a fhoráiltear in Airteagal 1(4) den Chomhaontú, tá an t-idirphlé comhpháirtíochta ar na príomhuirlisí chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach, chomh maith le gníomhaíocht arna cur in oiriúint do shainiúlachtaí na bPáirtithe.

² IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2023/2862/oj.

3. De bhun Airteagal 3(2) den Chomhaontú, tá sé de chuspóir ag an idirphlé comhpháirtíochta faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. De bhun an Airteagail sin, comhoibreoidh agus comhordóidh na Páirtithe le chéile maidir le saincheistean leasa choitinn agus maidir le dúshlán nua i suíomhanna idirnáisiúnta.
4. De bhun Airteagal 3(3) den Chomhaontú, déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar bhealach solúbtha agus saincheaptha, agus déanfar é go tráthrialta san fhormáid iomchuí agus ar an leibhéal intíre, réigiúnach nó iltíre is iomchuí, agus lántairbhe á baint as na cainéil uile is féidir, lena n-áirítear suíomhanna réigiúnacha agus idirnáisiúnta.
5. De bhun Airteagal 101(4) den Chomhaontú, úsáidfear an t-idirphlé comhpháirtíochta freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhibhéirseachtaí idir na páirtithe, d’fhonn teacht roimh staideanna ina measfadh Páirtí amháin gur ghá dul ar iontaoibh na gcomhairliúchán dá bhforáiltear in Airteagal 101(5) agus (6) den Chomhaontú.

II. CUSPÓIR

6. Is é is aidhm do na Treoirlínte Comhpháirteacha seo treoraíocht oibríochtúil chomhpháirteach a sholáthar le haghaidh chur chun feidhme na bhforálacha sa Chomhaontú a bhaineann leis an idirphlé comhpháirtíochta, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón idirphlé polaitiúil faoi Airteagal 8 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000³ (‘Comhaontú Cotonou’) á gcur san áireamh freisin.

³ IO CE L 317, 15.12.2000, lch. 3,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2003/159/oj.

7. Ní mór na Treoirínte Comhpháirteacha seo a chur i bhfeidhm ar bhealach solúbtha, chun a áirithiú go mbeidh cur chuige saincheaptha ann i leith fhormáid agus chuspóirí an idirphlé comhpháirtíochta.

III. CUR CHUN FEIDHME AN IDIRPHLÉ COMHPHÁIRTÍOCHTA

A. Cláir oibre

8. Cumhdófar leis an idirphlé comhpháirtíochta gach réimse den Chomhaontú, d'fhonn rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 de a bhaint amach.
9. Déanfar na cláir oibre le haghaidh na gcruinnithe idirphlé comhpháirtíochta a shainiú go comhpháirteach agus d'fhéadfaí a chuimsiú leo, ar bhealach cothrom, saincheisteanna leasa choitinn nó ábhair inní choiteanna, ar saincheisteanna nó ábhair inní náisiúnta, réigiúnacha, ilchríochacha, iltíre agus domhanda iad, agus ar an gcaoi sin neartófar na sineirgí idir gnéithe náisiúnta, réigiúnacha agus iltíre den chomhpháirtíocht idir ESACC agus an tAontas.

B. Ullmhúchán

10. Réiteofar na seisiúin idirphlé comhpháirtíochta go comhpháirteach roimh ré.
11. Roinnfear faisnéis chúlra ábhartha roimh ré d'fhonn rannchuidiú le malartuithe agus torthaí níos substaintiúla.

C. Formáid

12. Déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an contrapháirtí/na contrapháirtithe ESACC ábhartha, den pháirt eile, ar an is iomchuí, eadhon an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó iltíre, agus lántairbhe á baint as na cainéil uile is féidir, lena n-áirítear i suíomhanna réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Leis an idirphlé comhpháirtíochta cuirfear san áireamh freisin prionsabail na comhlántachta agus na coimhdeachta.

13. Féadfaidh an t-idirphlé comhpháirtíochta a bheith i bhfoirm idirphlé théamaigh thiomnaithe maidir le saincheisteanna sonracha, i gcás inarb iomchuí.
- C.1 An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta
14. Déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta go tráthrialta, aon uair amháin sa bhliain, i bprionsabal, d'fhonn faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta.
15. Féadfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta a dhéanamh sa tír ESACC faoi seach nó i suíomhanna eile, amhail sa Bhruiséil nó ar imeall imeachtaí idirnáisiúnta nó comhpháirteacha.
16. Leis an idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta, féadfar aghaidh a thabhairt freisin ar shaincheisteanna réigiúnacha agus domhanda, ar saincheisteanna leasa choitinn iad.
17. Féachfar le sineirgí agus comhlántachtaí a aimsiú idir idirphlé comhpháirtíochta agus idirphlé beartais ar ábhair shonracha, d'fhonn dúbláil oibre a sheachaint.
18. Féadfaidh aireachtaí agus seirbhísí éagsúla baint a bheith acu leis an idirphlé comhpháirtíochta, ag brath ar na saincheisteanna a mbeidh aghaidh le tabhairt orthu.
19. Más gá soiléiriú a thabhairt ar aon saincheist a bhaineann leis an gComhaontú, nó má tá dibhéirseachtaí idir na Páirtithe, déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta a mhinice is gá d'fhonn teacht roimh chásanna ina measfadh Páirtí amháin gur ghá dul ar iontaoibh na gcomhairliúchán dá bhforáiltear in Airteagal 101(5) agus (6) den Chomhaontú.

C.2 An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal réigiúnach

20. Déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal réigiúnach, go tráthrialta, chun faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.
21. An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal réigiúnach, féadfar é a dhéanamh ar imeall imeachtaí réigiúnacha nó i suíomhanna eile, amhail sa Bhruiséil nó ar imeall imeachtaí idirnáisiúnta nó comhpháirteacha.
22. An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal réigiúnach, rannchuideoidh sé freisin le seisiúin Chomhairlí Réigiúnacha Airí agus le seisiúin idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal iltíre a ullmhú.

C.3 An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal iltíre

23. An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal iltíre, déanfar é, go tráthrialta san fhormáid iomchuí, chun faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus chun comhoibriú agus comhordú le chéile maidir le saincheistean leasa choitinn agus maidir le dúshlán nua i suíomhanna idirnáisiúnta. Leis an idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal iltíre, ba cheart an comhar i réimsí leasa choitinn a spreagadh leis na tíortha agus críochar thar lear a bhaineann leis an Aontas agus leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas.
24. An t-idirphlé comhpháirtíochta ar an leibhéal iltíre, féadfar é a dhéanamh fad atá cruinnithe idirnáisiúnta ar siúl nó i suíomhanna eile, amhail sa Bhruiséil nó ar imeall imeachtaí comhpháirteacha.

25. Féadfaidh idirphlé comhpháirtíochta a bheith ann go tráthrialta freisin idir ionadaíochtaí taidhleoireachta na bPáirtithe chuig eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, chun faisnéis a mhalartú, an chomhthuiscint a chothú agus bunú tosaíochtaí comhaontaithe agus clár oibre comhroinnte a éascú ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus chun go rachadh na Páirtithe i mbun comhair agus comhordú maidir le saincheisteanna leasa choitinn agus maidir le dúshlán nua i suíomhanna idirnáisiúnta.
- D. Rannpháirtíocht
26. Sna seisiúin idirphlé comhpháirtíochta, déanfar ionadaíocht do na Páirtithe ar an leibhéal polaitiúil nó ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach, de réir mar is iomchuí, ag brath ar an inneachar agus ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo.
27. Mar a fhoráiltear in Airteagal 3(4) den Chomhaontú, cuirfear parlaimintí agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí, ar an eolas go cuí, rachfar i gcomhairle leo go cuí, agus cuirfear ar a gcumas dóibh go cuí cur leis an idirphlé comhpháirtíochta. Beidh baint ag eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha leis an idirphlé comhpháirtíochta, de réir mar is iomchuí.
- E. Torthaí agus obair leantach
28. Comhaontófar gealltanais ábhartha agus gníomhaíochtaí leantacha le linn an idirphlé comhpháirtíochta.
29. Na gníomhaíochtaí leantacha a chomhaontófar, déanfar faireachán orthu agus déanfar iad a phlé i seisiúin idirphlé comhpháirtíochta ina dhiaidh sin.
30. Féadfar creata leantacha sonracha, amhail meithleacha, a bhunú chun an t-idirphlé a chur chun tosaigh nó chun gníomhú i réimsí nithiúla.
31. Déanfar an t-idirphlé comhpháirtíochta a chomhlánú trí bhíthin teagmháil rialta idir na Páirtithe d'fhonn cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

IV ATHBHREITHNIÚ

32. Mar a fhoráiltear in Airteagal 3(3) den Chomhaontú, comhaontaíonn na Páirtithe faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an idirphlé comhpháirtíochta agus a raon feidhme a oiriúnú, de réir mar is iomchuí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin toradh an idirphlé comhpháirtíochta maidir le gealltanais agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí ar an dá thaobh.
33. Féadfar na Treoirínte Comhpháirtíochta seo a leasú, de réir mar is iomchuí, i bhfianaise an fhaireacháin agus na meastóireachta dá dtagraítear i bpointe 32.
-